Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 17 Nollaig 2021
(OR. en)

14459/21
ADD 3

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0422(COD)**

JAI 1316
COPEN 428
ENV 975
DROIPEN 156
CODEC 1558
IA 213

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 15 Nollaig 2021 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | SWD(2021) 466 final |
| Ábhar: | DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR a ghabhann leis an doiciméad Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE **maidir le cosaint an chomhshaoil tríd an dlí coiriúil agus a chuirtear in ionad Treoir 2008/99/CE** |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2021) 466 final.

---

Faoi iamh: SWD(2021) 466 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 15.12.2021
SWD(2021) 466 final

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

**ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR**

***a ghabhann leis an doiciméad***

**Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le cosaint an chomhshaoil tríd an dlí coiriúil agus a chuirtear in ionad Treoir 2008/99/CE**

{COM(2021) 851 final} - {SEC(2021) 428 final} - {SWD(2021) 465 final}

**Bileog Achoimre Feidhmiúcháin**

**Measúnú Tionchair maidir le hathbhreithniú na Treorach um Choireacht Chomhshaoil (Treoir 2008/99/CE)**

**A. An gá atá le beart**

**Cén fhadhb atá ann agus cén fáth ar fadhb í ar leibhéal an Aontais?**

Leanann an measúnú tionchair seo an mheastóireacht ar an Treoir um Choireacht Chomhshaoil (ECD). Bíonn tionchair dhiúltacha éiceolaíocha, shóisialta agus eacnamaíocha ag an gcoireacht chomhshaoil agus is í an ceathrú réimse coireachta is brabúsaí ar fud an domhain í, agus meastar gurb ionann an brabús iomlán do choirpigh agus USD 260 billiún in aghaidh na bliana. Is é ECD an phríomhionstraim chothrománach de chuid an Aontais chun an comhshaol a chosaint tríd an dlí coiriúil. Léiríodh sa mheastóireacht – a tugadh chun críche in 2020 – gur bhunaigh ECD creat comhchoiteann an Aontais de phríomhchatagóirí coireachta comhshaoil, ach nach raibh éifeacht aige sa chleachtas. Níor mhéadaigh ECD líon na gciontuithe ná leibhéal na bpionós a forchuireadh sna Ballstáit. Sa mheastóireacht sainaithníodh na príomhfhadhbanna sonracha seo a leanas:

1) Maidir le raon feidhme an ECD (a shainmhínítear in dhá iarscríbhinn a ghabhann le ECD agus i liosta cionta in Airteagal 3 de ECD), tá sé as dáta agus sainítear ar bhealach casta é, rud a chuireann bac ar imscrúduithe éifeachtacha, ar ionchúisimh agus ar chomhar trasteorann.

2) Sainmhínithe ar cad is coireacht chomhshaoil ann, tá siad doiléir agus cuireann siad bac ar imscrúdú éifeachtach, ar ionchúisimh agus ar chomhar trasteorann idir na Ballstáit agus laistigh díobh.

3) Ní éifeachtach ná athchomhairleach atá leibhéil na bpionós i ngach Ballstát.

4) Tá an comhar trasteorann rótheoranta.

5) Tá easpa feasachta ag lucht déanta beartas agus ag cleachtóirí ar nádúr agus ar scála na coireachta comhshaoil agus ar éifeachtacht na mbeart forfheidhmithe dlí de dheasca sonraí staidrimh a bhailiú, a phróiseáil agus a roinnt ar bhealach teoranta.

6) Tá slabhra forfheidhmithe neamhéifeachtach ann maidir leis an gcoireacht chomhshaoil, *inter alia*, de bharr easpa oiliúna agus speisialtóireachta, agus de bharr comhordaithe agus comhair neamhleor idir na leibhéil éagsúla d'fhorfheidhmiú an dlí comhshaoil.

**Cad é ba cheart a bhaint amach?**

Is é is aidhm don tionscnamh cosaint níos fearr a bhaint amach don chomhshaol trí choireacht chomhshaoil a bhrath, a imscrúdú, a ionchúiseamh agus pionóis a chur ar bhealach níos éifeachtaí.

Go sonrach, is iad seo a leanas na cuspóirí:

1) éifeachtacht imscrúduithe agus ionchúiseamh a fheabhsú trí raon feidhme na Treorach a thabhairt cothrom le dáta agus trí shásra atá indéanta simplí a chur san áireamh chun an Treoir a choimeád cothrom le dáta;

2) éifeachtacht imscrúduithe agus ionchúiseamh a fheabhsú trí théarmaí doiléire a úsáidtear sna sainmhínithe ar choireacht chomhshaoil in Airteagal 3 a shoiléiriú nó a dhíothú;

3) cineálacha pionós agus leibhéil phionós atá éifeachtach, athchomhairleach agus comhréireach don choireacht chomhshaoil a áirithiú;

4) éifeachtacht an chomhair trasteorann maidir le coireacht chomhshaoil a fheabhsú;

5) cinnteoireacht fheasach maidir le coireacht chomhshaoil a fheabhsú trí shonraí staidrimh a bhailiú agus a roinnt ar bhealach níos fearr; agus

6) feabhas a chur ar éifeachtacht na slabhraí forfheidhmithe náisiúnta (imscrúduithe, ionchúisimh, pionóis).

**Cad é an breisluach atá le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais (coimhdeacht)?**

De ghnáth bíonn éifeachtaí trasteorann ag coireanna comhshaoil, amhail cineálacha tromchúiseacha truaillithe uisce agus aeir, truailliú muirí agus gáinneáil ar cheimiceáin, ar dhramhaíl agus ar fhiadhúlra. Chun na coireanna trasteorann sin a chomhrac, tá gá le cothrom iomaíochta ar fud an Aontais maidir leis an sainmhíniú atá ar choireacht chomhshaoil agus le pionóis. D'éascódh sé sin an comhar breithiúnach idir údaráis ábhartha na mBallstát. Ní bheadh déantóirí coire, lena n-áirítear ciontóirí corparáideacha, gan pionós a thuilleadh, mar shampla, de bharr rogha a dhéanamh chun oibriú ó Bhallstáit a bhfuil an reachtaíocht is boige acu.

**B. Réitigh**

**Cad iad na roghanna éagsúla lenar féidir na cuspóirí a bhaint amach? An bhfuil rogha thosaíochta ann nó nach bhfuil? Mura bhfuil,
cén fáth nach bhfuil?**

Tá roinnt roghanna beartais reachtacha agus neamhreachtacha forbartha ag an gCoimisiún. Rinneadh na roghanna seo a leanas a mheas agus a chur i leataobh go luath sa phróiseas: (1) an Treoir a aisghairm; nó (2) aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna a sainaithníodh trí bhearta neamhcheangailteacha amháin, amhail treoir ón Aontas maidir le sainmhínithe a léirmhíniú agus le leibhéil na bpionós.
Bunaithe ar an measúnú, an t-aon rogha réalaíoch amháin atá ann chun na cuspóirí sonracha arna sainaithint a bhaint amach is ea athbhreithniú a dhéanamh ar an Treoir. Ní chuirfeadh sé sin as an áireamh tacaíocht a thabhairt do bhearta neamhreachtacha ('príomhrogha'). Faoin bpríomhrogha beartais sin, sainaithníodh na foroghanna seo a leanas ('roghanna') agus rinneadh measúnú mionsonraithe iomlán orthu sa mheasúnú tionchair chun aghaidh a thabhairt ar gach cuspóir sonrach.

**Cuspóir 1**

- Rogha 1 a: An liosta reachtaíochta atá ann cheana sna hiarscríbhinní a thabhairt cothrom le dáta, agus catagóirí nua coireachta ábhartha a chur le hAirteagal 3; an nós imeachta coiste a thabhairt isteach chun an iarscríbhinn a choinneáil cothrom le dáta.
- Rogha 1b: Tagairt a dhéanamh do reachtaíocht earnála ábhartha i dtéarmaí ginearálta agus na hiarscríbhinní a bhaint; an sainmhíniú ar a bhfuil i gceist le coireacht chomhshaoil i gcionta Airteagal 3 a bheachtú agus catagóirí coireachta ábhartha nua a chur leis.
- Rogha 1c: An choireacht chomhshaoil a shainiú sa Treoir gan aon cheanglas a bheith ann go sárófaí reachtaíocht earnálach ábhartha an Aontais.

Is é rogha 1b rogha na tosaíochta, toisc go gcuireann sí leis an tsoiléireacht dhlíthiúil maidir le cé na coireanna comhshaoil ar sáruithe ar reachtaíocht earnála iad. Amach anseo, ní mór don reachtóir Eorpach an Treoir – mar atá inniu – a nuashonrú, mar níl meicníocht níos simplí – is é sin an nós imeachta coiste – infheidhme maidir le comhpháirteanna riachtanacha na Treorach. Is cuid riachtanach de sin atá an sainmhíniú ar choireacht chomhshaoil.

**Cuspóir 2**

- Rogha 2 a: Sainmhíniú níos beaichte a thabhairt ar théarmaí doiléire sa Treoir (e.g. 'damáiste substaintiúil').
- Rogha 2b: Deireadh a chur le téarmaí doiléire, amhail 'damáiste substaintiúil', agus 'iompraíocht bhaolach' a choiriúlú (coireacht maidir le cur i mbaol).
- Rogha 2c: Meascán de roghanna 2a agus 2b.

Is í rogha 2c an rogha tosaíochta.

**Cuspóir 3**

- Rogha 3 a: Leibhéil phionós íosta agus uasta a thabhairt isteach.
- Rogha 3b: Rogha 3a móide imthosca géaraitheacha agus pionóis chúnta.
- Rogha 3c: Rogha 3b móide oibleagáid chun leibhéal na bhfíneálacha a nascadh le staid airgeadais daoine dlítheanacha agus/nó brabúis neamhdhleathacha.

Is í rogha 3c an rogha tosaíochta.

**Cuspóir 4**

Pacáiste forálacha lena gcothaítear an comhar trasteorann ar bhealach díreach, amhail uirlisí imscrúdaitheacha

éifeachtacha comhchuibhithe, oibleagáid chun comhoibriú trí Europol, Eurojust agus OLAF, agus rialacha maidir le dlínse.

**Cuspóir 5**

- Rogha 5 a: Oibleagáid a chur ar na Ballstáit sonraí staidrimh maidir le coireacht chomhshaoil a bhailiú agus a thuairisciú go rialta don Choimisiún.
- Rogha 5b: Rogha 5a móide oibleagáid ar na Ballstáit sonraí staidrimh a bhailiú agus a thuairisciú de réir comhchaighdeán comhchuibhithe.

Is í rogha 5b an rogha tosaíochta.

**Cuspóir 6**

Pacáiste oibleagáidí chun cur chun feidhme praiticiúil a chothú, amhail oiliúint spriocdhírithe rialta a chur ar fáil ar gach leibhéal den slabhra forfheidhmithe, straitéisí uileghabhálacha náisiúnta maidir le coireacht chomhshaoil agus bearta múscailte feasachta.

**Cad iad tuairimí na bpáirtithe leasmhara éagsúla? Na páirtithe leasmhara éagsúla agus na bearta is rogha leo**

Maidir le formhór mór na bpáirtithe leasmhara, amhail cleachtóirí um fhorfheidhmiú an dlí agus a líonraí ar leibhéal an Aontais, gníomhaireachtaí de chuid an Aontais amhail Eurojust agus Europol, eagraíochtaí neamhrialtasacha, na Ballstáit, lucht gnó agus lucht léinn, aontaíonn na páirtithe leasmhara sin go bhfuil gá le feabhas a chur ar ECD agus go bhfuil gá le gníomhaíocht an Aontais. Tá siad i bhfabhar athbhreithniú a dhéanamh ar ECD maidir le bearta neamhcheangailteacha a thabhairt isteach nó díreach raon feidhme ECD a nuashonrú. Aontaíonn beagnach gach páirtí leasmhar leis na roghanna a mholtar faoi gach cuspóir sonrach, cé is moite d'eisceacht amháin maidir le raon feidhme an ECD (cuspóir 1, rogha 1c – nár roghnaíodh mar rogha thosaíochta, féach thuas). Leis an rogha seo, shaineofaí an choireacht chomhshaoil in ECD go neamhspleách ar shárú ar an dlí riaracháin. Mar sin féin, na Ballstáit agus an lucht léinn a ndeachthas i gcomhairle leo agus líon suntasach geallsealbhóirí tionscail, measann siad go bhfuil gá leis an nasc idir an dlí coiriúil agus an dlí riaracháin chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú do ghnólachtaí a chomhlíonann an reachtaíocht earnála. Tacaíonn páirtithe leasmhara eile leis an gcoireacht chomhshaoil a dhíchúpláil ó reachtaíocht earnálach, chun nach mbeadh lucht déanta coireanna a rinne díobháil thromchúiseach don chomhshaol in ann éalú ó dhliteanas coiriúil.

**C. Tionchar na rogha tosaíochta**

**Cad iad buntáistí na rogha tosaíochta (más ann do rogha thosaíochta i measc na bpríomhroghanna)?**

De réir an mheasúnaithe, bheadh an pacáiste roghanna tosaíochta éifeachtach chun aghaidh a thabhairt ar na príomhfhadhbanna agus chun na cuspóirí ginearálta agus na cuspóirí sonracha a bhaint amach. Dá ndéanfaí an choireacht chomhshaoil a bhrath, a imscrúdú, a ionchúiseamh agus a phionósú ar bhealach níos éifeachtaí, is dócha go gcabhrófar le tionchar na coireachta comhshaoil a laghdú i gcomparáid leis an gcás bunlíne. Ós rud é go bhfuil teorainn leis na sonraí cainníochtúla maidir le tionchair, tá an tionchar is dócha a bheidh ag na roghanna bunaithe ar thuairimí saineolaithe agus páirtithe leasmhara, agus ar shonraí breise nuair is féidir.

Faoi **chuspóir 1**, trí na hiarscríbhinní a bhaint agus ina ionad sin, an sainmhíniú ar a bhfuil i gceist le coireacht chomhshaoil in Airteagal 3 a bheachtú agus catagóirí nua coireachta comhshaoil a chur isteach faoin airteagal céanna, is dócha go bhfeabhsófar éifeachtacht imscrúduithe agus ionchúiseamh na coireachta comhshaoil, go háirithe maidir leis an gcomhar trasteorann. Mar sin féin, sa todhchaí bheadh gá an Treoir a thabhairt cothrom le dáta go rialta tríd an nós imeachta reachtach más rud é go bhfuil réimsí nua coireachta comhshaoil le cur le raon feidhme na Treorach. Níl aon bhealach níos simplí ann chun é sin a dhéanamh, ós rud é gur cuid riachtanach den Treoir iad sainmhínithe na gcatagóirí coireachta comhshaoil agus go n-éilítear cinneadh ón reachtóir Eorpach ina leith.

Faoi **chuspóir 2**, tá gá le coireacht maidir le cur i mbaol agus le coireacht a éilíonn léiriú damáiste chun freagairt go leormhaith do chionta comhshaoil. Tá an Treoir atá ann faoi láthair bunaithe ar mheascán den dá chineál sainmhínithe coireachta sin. Beidh ar an togra catagóirí nua coireachta maidir le cur i mbaol a chur isteach agus a shonrú ar bhealach níos cruinne cad é an t-iompar a dhéantar a choiriúlú; beidh air freisin faisnéis a chur isteach lena mbeifear in ann a chinneadh cad is féidir a bheith i gceist le damáiste don chomhshaol.

Le sainmhínithe níos beaichte ar théarmaí doiléire – amhail 'damáiste *suntasach*' agus *'cainníocht dhiomaibhseach nó neamhdhiomaibhseach'* — déanfar soiléireacht na Treorach a fheabhsú. Leis an mbéim ar an gcoireacht maidir le cur i mbaol agus ar iompraíocht rioscúil, beifear in ann pionóis éifeachtacha a ghearradh i gcásanna ina bhfuil sé deacair an damáiste iarbhír a dhéanamh amach nó i gcás nach ndearnadh aon damáiste. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé go dtiocfadh méadú ar éifeachtacht imscrúduithe agus ionchúiseamh na coireachta comhshaoil mar thoradh ar chur i bhfeidhm an dá rogha le chéile.

Mar thoradh ar an rogha thosaíochta faoi **chuspóir 3** beidh leibhéil na bpionós níos éifeachtaí, níos comhréirí, níos athchomhairlí agus níos aonfhoirmí ann agus i gcleachtas ar fud an Aontais. Ina theannta sin, le híosleibhéil agus uasleibhéil na bpionós príosúnacht, tabharfar rochtain do chleachtóirí forfheidhmithe dlí ar uirlisí imscrúdaitheacha nach bhfuil ar fáil ach le haghaidh coireanna a bhfuil pionóis ag dul leo le híosleibhéal agus uasleibhéal áirithe na bpionós. Mar thoradh air sin, beidh imscrúduithe níos éifeachtaí ann agus éascófar an comhar trasteorann.

Cothóidh na bearta faoi **chuspóir 4** an comhar trasteorann go díreach, comhlánóidh siad agus treiseoidh siad a chéile agus beidh imscrúduithe níos éifeachtaí mar thoradh orthu, toisc nach féidir go leor cásanna coireachta comhshaoil a dhéanamh go rathúil ach ar bhonn trasteorann.

Is é an toradh a bheidh ar an rogha thosaíochta faoi **chuspóir 5** íoschaighdeán a bhfuil sainmhíniú comhchoiteann leo maidir le bailiú sonraí ar nósanna imeachta coireachta comhshaoil agus, ar an gcaoi sin, gheofar sonraí staidrimh atá inchomparáide ar fud an Aontais.

Beidh tionchar dearfach ag an bpacáiste beart a mholtar faoi **chuspóir 6** ar an éifeachtacht iarbhír ar gach leibhéal den slabhra forfheidhmithe (cigirí, póilíní, ionchúiseamh, breithiúna coiriúla).

**Cad iad costais na rogha tosaíochta (más ann do rogha thosaíochta i measc na bpríomhroghanna)?**

Tá impleachtaí buiséadacha diomaibhseach ag an togra seo do na Ballstáit agus don Choimisiún araon. Tá faisnéis shonrach maidir leis na himpleachtaí airgeadais don Choimisiún le fáil sa ráiteas airgeadais reachtach a ghabhann leis an bpacáiste reachtach seo.

**An Coimisiún Eorpach**

Tá dhá chineál costas ag an gCoimisiún: costais aonuaire, agus costais athfhillteacha.

Na chéad impleachtaí airgeadais don Choimisiún, baineann siad leis an gcúigiú cuspóir den athbhreithniú: feabhas a chur ar bhailiú sonraí staidrimh agus ar thuairisciú ar an gcoireacht chomhshaoil. Tá an costas foriomlán roinnte ina thrí chineál caiteachas:

- Sainmhíniú ar íoschaighdeáin: thart ar EUR 110 000 (costas aon uaire)
- Caighdeáin a choinneáil ar bun: thart ar EUR 16 000 (costas athfhillteach)
- Tuarascáil dhébhliantúil ar shonraí na mBallstát ón gCoimisiún: thart ar EUR 25 000 (costas athfhillteach).

Chomh maith leis na costais a bhaineann leis an gcúigiú cuspóir atá leis an athbhreithniú, beidh ar an gCoimisiún foráil a dhéanamh freisin maidir le cineál eile costais aonuaire, an costas a bhaineann lena oibleagáidí tuairiscithe. Luaitear sa togra reachtach go mbeidh ar an gCoimisiún dhá thuarascáil a chur ar fáil:

- Trasuí na Treorach ag na Ballstáit: cosnóidh sé sin thart ar EUR 405 000 (costas aon uaire)
- Staidéar ar éifeachtacht na Treorach le sraith áirithe táscairí: cosnóidh sé sin thart ar EUR 420 000 (costas aon uaire).

**Na Ballstáit**

Impleachtaí airgeadais na Treorach do na Ballstáit, baineann siad le trí chuspóir den athbhreithniú: feabhas a chur ar chomhar agus ar chomhordú éifeachtach idir na Ballstáit (cuspóir 4), feabhas a chur ar bhailiú agus ar thuairisciú sonraí staidrimh maidir leis an gcoireacht chomhshaoil (cuspóir 5) agus feabhas a chur ar fheidhmiú éifeachtach an tslabhra forfheidhmithe (cuspóir 6).

Maidir le cuspóir 4, tá dhá ghné ag baint le costais na mBallstát uile: an costas a bhaineann le huirlisí imscrúdaitheacha agus an costas a bhaineann le pointí teagmhála náisiúnta a bhunú.

- Uirlisí imscrúdúcháin: ní raibh na sonraí ar fáil chun an chéad mheasúnú ar an gcostas a chumasú
- Pointí teagmhála náisiúnta a bhunú: an costas a bheidh ar gach Ballstát, beidh sé idir EUR 475 000 agus EUR 792 000

Maidir le cuspóir 5, is féidir roinnt cineálacha costais do na Ballstáit a shainaithint:

- Nós imeachta comhordúcháin náisiúnta a bhunú: bheadh costas EUR 146 000 ar gach Ballstát
- Sainmhíniú ar íoschaighdeáin: chosnódh sé EUR 281 000
- Na caighdeáin sin a choinneáil ar bun i gcás na mBallstát uile: ba cheart go mbeadh costas EUR 35 000 ar an méid sin.
- Comhordú, bailiú agus tuairisciú: beidh costas EUR 220 000 ar gach Ballstát.

Maidir le cuspóir 6:

- Na costais oiliúna ar gach Ballstát, beidh siad thart ar EUR 8 000 000
- Straitéisí náisiúnta
    - Costas aonuaire de thart ar EUR 864 000 ar gach Ballstát
    - Costas athfhillteach de thart ar EUR 324 000 ar gach Ballstát
- Meastar gurb ionann an méadú ar an bhfoireann a bhaineann leis an Treoir seo agus EUR 4 milliún do gach Ballstát.

**Cén tionchar a imreofar ar FBManna agus ar an iomaíochas?**

... Is dócha go mbainfidh gnólachtaí tairbhe as forfheidhmiú éifeachtach an dlí, mar tabharfaidh sé cosaint dóibh ar iomaíocht éagórach ó ghnólachtaí atá ag oibriú go neamhdhleathach. Ar an gcaoi chéanna, an damáiste do chlú an tionscail ina iomláine a d'fhéadfadh gníomhaíochtaí coiriúla a dhéanamh, laghdófar é do ghnólachtaí comhlíontacha. Ní chruthófaí ualach breise airgeadais le forfheidhmiú éifeachtach an dlí choiriúil, ós rud é gur as reachtaíocht earnála seachas as an Treoir a eascraíonn costais chomhlíonta.

**An imreofar tionchar suntasach ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riaracháin náisiúnta?**

Beidh méadú measartha ar an ualach riaracháin agus ar na costais riaracháin de bharr bailiú sonraí staidrimh agus de bharr chostais na n-aonad agus na hoiliúna feadh an tslabhra forfheidhmithe. Is é is aidhm don athbhreithniú ar an Treoir slabhra forfheidhmiúcháin níos éifeachtaí a chothú. Mar thoradh air sin, táthar ag súil go dtiocfaidh méadú ar líon na gcásanna a thugtar faoi deara agus a ndéantar imscrúdú éifeachtach orthu agus a chiontaítear go héifeachtach. Dá réir sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le foireann bhreise (póilíní agus ionchúisitheoirí) a fhostú nó a aistriú chuig réimse fhorfheidhmiú an dlí maidir leis an gcoireacht chomhshaoil.

**An mbeidh aon tionchar suntasach eile i gceist?**

Meastar go mbeidh tionchair thairbheacha ag laghdú na coireachta comhshaoil ar shláinte an duine (e.g. trí thruailliú a laghdú), ar an ngeilleagar (trí iomaíocht éagórach a laghdú agus trí chaillteanas cánach), agus ar an mbithéagsúlacht. Is dócha go mbeidh tionchar dearfach ag an tionscnamh ar chearta bunúsacha trí chosaint an chomhshaoil a fheabhsú (Airteagal 37 den Chairt) agus trí fheabhas a chur ar réimsí na dínite, na sláinte agus na folláine (Airteagail 1, 2, 3, 24, 31, 34, 35).

**Comhréireacht?**

| |
|---|
| I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, ní ghabhann na bearta atá molta thar an méid atá riachtanach d'fhonn na cuspóirí a bhaint amach. Bheadh costais ar na Ballstáit i gceist leis na roghanna tosaíochta faoi chuspóirí 4, 5 agus 6, ach chuirfeadh siad feabhas ar chosaint éifeachtach an chomhshaoil tríd an dlí coiriúil freisin. Ar an iomlán, tá cothromaíocht na roghanna tosaíochta dearfach, toisc go mbeidh tionchar dearfach ar an gcomhshaol féin agus ar an ngeilleagar agus ar an tsochaí chomh maith. |
| **D. Gníomhaíocht leantach** |
| Chomh maith le tuarascálacha a chur ar fáil go tráthrialta, tuarascálacha atá bunaithe ar staidreamh arna sholáthar ag na Ballstáit, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar chur chun feidhme an tionscnaimh chun a mheas ar baineadh amach na cuspóirí beartais. |